



TREOIR UM COMHARTHAÍOCHT OIDHREACHTA & SLÍ OIDHREACHTA





Clár Ábhair

1.0 Réamhrá	3
1.1 An bhfuil gá le comharthaíocht?	3
1.2. Iniúchadh Oidhreachta	4
1.3. Plean Léirmhíniúcháin	5
1.4. Comharthaíocht Chaighdeánach Fhine Gall	6
2.0. Cén fáth a gcruthófaí Slí Oidhreachta?	7
2.1. Cineálacha Shlí Oidhreachta	8
2.2. Slí Oidhreachta a Phleanáil	9
2.3. Ábhar Comharthaíochta	11
3.0. Nós imeachta chun togra a dhéanamh	12
Aguisín 1	15



1.0 Réamhrá

Féadann comharthaíocht léirmhínteach de shuíomhanna oidhreachta seandálaíochta, staire agus nádúrtha cur go mór le tuiscint agus taitneamh cuairteoirí ar an láithreán; féadtar aird a tharraingt ar láithreacht agus ar thábhacht láithreáin agus ar an gcaoi sin feasacht a mhúscailt a fheabhsú dá bharr chomh maith lena leibhéal cosanta ; agus is uirlis thábhachtach chumarsáide agus oideachais í. Mar an gcéanna, d'fhéadfadh drochthionchar a bheith ag comharthaíocht ar shuíomh má dhéantar í go míchúramach, má chuirtear go dona í nó má ionchorpraítear faisnéis mhíchuí nó as dáta orthu. Mar shampla, is féidir le painéal gránna léirmhíneacháin ag ais tírdhreacha an taitneamh a thógáil as an radharc ar an tírdhreach.

Tá Treoir um Comharthaíocht Oidhreachta & Slí Oidhreachta forbartha ag Chomhairle Chontae Fhine Gall don léirmhíniú seandálaíochta, staire agus nádúrtha chun:

- Próiseas comhaontaithe a bhunú ar fud na Ranna uile d'fhorbairt chomhtháite comharthaíocht oidhreachta agus slite oidhreachta ar fud an Chontae.
- Treoir agus comhairle shoiléir a sholáthar don phobal agus do pháirtithe leasmhara maidir le dea-chleachtas, na nósanna imeachta agus na riachtanais chun comharthaí oidhreachta agus slite oidhreachta a fhorbairt i bhFhine Gall;
- Áis agus taitneamhacht na spásanna agus limistéar poiblí a chosaint trí chomharthaíocht oidhreachta iomchuí a chinntiú laistigh de na háiteanna poiblí seo.

1.1 An bhfuil gá le comharthaíocht?

Tá sé tábhachtach teachtaireacht a chur in iúl ach tá sé tábhachtach freisin ró-shíniú a sheachaint. Cruthóidh farasbarr comharthaí bearradh gan ghá agus d'fhéadfadh sé a bheith treallúsach, mearbhall a chur ar dhaoine agus d'fhéadfadh sé do theachtairacht a chaolú, agus ualach cothabhála á chruthú aige ag an am céanna freisin.

Faoi láthair tá painéil atá sách costasach ag formhór léirmhíniú na suíomhanna, ach tá roghanna eile ann. De réir na cairte idirnáisiúnta a threoraíonn léirmhíniú, san áireamh, d'fhéadfadh 'foilseacháin chlóite agus leictreonacha, léachtaí poiblí, suiteálacha ar an láthair lasmuigh den láthair agus a bhaineann go díreach leis, cláir oideachais, gníomhaíochtaí pobail, agus taighde leanúnach, oiliúint agus meastóireacht ar an bpróiseas é féin' (Cairt Ename, 2007, 3). Le haghaidh tuilleadh smaointe féach ar fhoilseachán na Comhairle Oidhreachta Bored of Boards https://www.heritagecouncil.ie/content/files/bored_of_boards_1mb.pdf



Smaoinigh ar na rudaí seo a leanas go cúramach:

- Cén fáth a bhfuil an láithreáin á léirmhíniú?
- An rachaidh an chomharthaíocht chun leasa an láithreáin?
- Cé hé do lucht féachana?
- Cad iad na príomhtheachtaireachtaí agus na príomhscéalta ar mhian leat a chur in iúl?
- Cén fhaisnéis atá ar fáil cheana féin?
- An bhfuil an láithreán faoi réir cosanta dlí faoi na gníomhartha pleanála, seandálaíochta nó fiadhúlra?

1.2 Iniúchadh Oidhreachta

Ba chóir go ndéanfadh léirmhíniú ar ár n-oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha:

- Fiosracht agus spéis a spreagadh
- Baint a bheith aige le heispéiris laethúla do lucht féachana
- Teachtaireacht speisialta a nochtadh.

D'fhonn plean cuimsitheach léirmhíniúcháin a fhorbairt do do cheantar beidh ort faisnéis a bhailiú ar dtús. Is uirlis úsáideach é iniúchadh oidhreachta chun do bhunlíne de shócmhainní oidhreachta, inrochtaineacht, agus na scéalta a theastaíonn uait a insint. Is bealach é freisin chun na roghanna léirmhíniúcháin is fearr do do cheantar a iniúchadh. Féile oidhreachta chun ócáid stairiúil a cheiliúradh? Treoir oidhreachta? Slí oidhreachta?

- Imscrúdaigh cad atá ann cheana. An bhfuil comharthaíocht ann cheana féin? Ar scríobhadh leabhar ar an gceantar? Ar tháirg cumann nó grúpa áitiúil bileog blianta ó shin?
- Foinsí faisnéise, déantúsáin agus ábhar eile a shainaithint; imscrúdú a dhéanamh ar bhéaloideas, ar sheanchas taighde agus ar finscéal
- Cuir fardal le chéile de shócmhainní ailtireachta, seandálaíochta, éiceolaíochta, luibheolaíochta, ailtireachta inrochtana de do cheantair (ga 3km-6km) d'fhonn ábhair léirmhíniúcheacha a fhorbairt
- Anailís a dhéanamh ar shócmhainní oidhreachta fisiciúla i dtéarmaí a riocht reatha agus inrochtaineachta
- Ócáid phobail a réachtáil chun faisnéis a bhailítear ar shuíomhanna roghnaithe a chur i láthair agus ionchur agus moltaí a lorg maidir le suíomhanna nach bhfuil chomh coitianta sa cheantar agus chun cuireadh a thabhairt don phobal i gcoitinne i mbailiú sonraí ar an oidhreacht áitiúil
- Liosta tosaíochta a tháirgeadh i dtéarmaí oiriúnachta d'ábhair léirmhíniúcheacha agus do chur chun cinn sa todhchaí.
- Do thosaíochtaí agus do mholtaí a leagan amach i bplean léirmhíniúcháin. Ansin is féidir leis an bplean seo a bheith mar bhunús d'iarratais mhaoinithe toisc go léireoidh sé go soiléir an réasúnaíocht agus spéis an pobail i dtionscadail léirmhíniúcháin oidhreachta arna sainaithint.

1.3 Plean Léirmhíniúcháin

D'fhéadfadh plean léirmhíniúcháin a bheith chomh fada agus leathanach amháin nó fiú tuarascáil iomlán. Is cuma an bhfuil painéal léirmhíniúche nó slí iomlán á chruthú agat, soláthróidh plean léirmhíniúcháin struchtúr don phróiseas.





1.4 Comharthaíocht Chaighdeánach Fhine Gall



- Heritage Trails
 - Park Trails
 - Coastal Walk
- | | |
|---|---|
| A Freestanding 'lectern style' interpretive display panel | D Freestanding mediolith mapboard display panel |
| B Freestanding mediolith interpretive display panel | E Freestanding maxiolith mapboard display panel |
| C Wall mounted interpretive display panel | F Round pole with fingerpost |
| | G Markerpost |

D'fhorbair Comhairle Contae Fhine Gall sraith comharthaíochta atá in úsáid ar fud an Chontae, chun pointí faisnéise inaitheanta agus comhleanúnachas amhairc a fhoirmiú. Tá an ceantasc glas do chonairí páirce; gorm do na conairí cósta agus oráiste do chomharthaíocht oidhreachta.

Tabhair faoi deara le do thoil: Ní mór don chomharthaíocht a bheith dátheangach (Gaeilge & Béarla).

Suíomh:

- Níor cheart go gcuirfeadh socrúchán painéal faisnéise isteach go fisiciúil ná go radhairc ar an láithreán, ná ar a chomhthéacs.
- Ba cheart machnamh a dhéanamh ar an ngaol atá idir an painéal agus an láithreán; aeistéitic, agus oiriúnacht an chomhshaoil don suiteáil agus cothabháil.
- Níor cheart go mbeadh drochthionchar ag an láithreán - fisiceach nó amhairc trí chomharthaíocht léirmhínteach a chur leis.
- Níor chóir go ndéanfaí poill dúshraithe le haghaidh comharthaíochta a thochailt ar shéadchomhartha seandálaíochta nó cóngarach dóibh toisc go bhféadfadh sé cur isteach ar iarsmaí seandálaíochta fo-dhromchla.
- Níor chóir comharthaí a ghreamú go díreach le sairseacht.
- A chinntiú nach mbíonn comharthaíocht ina chúis le saincheisteanna líne radhairc a mbeadh tionchar diúltach acu ar ghluaiseacht tráchta coisithe agus feithiclí.

Ábhar:

- Ba chóir go mbeadh an téacs soiléir agus gonta ag úsáid Béarla simplí agus teoranta do 100 focal.
- Ba chóir an téacs a aistriú go Gaeilge, 100 focal freisin.
- Is é 3 an líon uasta íomhánna.
- Ní mór cóipcheart a fháil chun íomhánna srl. a úsáid.
- Ba chóir go mbeadh lógó maoinithe an tionscadail le feiceáil.
- Ba chóir go mbeadh an t-ábhar bunaithe ar fhianaise ildisciplíneach (stairiúil, seandálaíochta, éiceolaíoch, luibheolaíoch, ailtireachta srl.), traidisiúin agus scéalta áitiúla a bhaineann go díreach leis an láithreán agus leis an tírdhreach mórtimpeall air.
- Ní mór do Chomhairle Contae Fhine Gall an t-ábhar comharthaíochta go léir a cheadú.

Cead:

- An bhfuil cead agat ó úinéir an láithreáin?
- Más suíomh seandálaíochta é an láithreán caithfead an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta a chur ar an eolas. Téigh i dteagmháil leis an Oifigeach Oidhreachta Christine Baker Christine.Baker@fingal.ie chun tuilleadh faisnéise a fháil.
- An Struchtúr Cosanta (RPS) nó Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA) é do shuíomh? Le haghaidh tuilleadh faisnéise déan teagmháil leis an Oifigeach Caomhantais Helena Bergin Helena.Bergin@fingal.ie
- D'fhéadfadh go mbeadh cead pleanála de cheadúnas a254 ag teastáil ó chomharthaí oidhreachta. In Alt 254 den Acht Pleanála & Forbartha (arna leasú) tugtar breac-chuntas ar an ngá atá le comharthaí a chur suas ar bhóithre poiblí.

Cuimhnigh sular féidir áit a léirmhíniú ní mór dó a bheith inrochtana agus sábháilte le nascleanúint. Tá sé seo ábhartha go háirithe má tá tú ag smaoineamh ar chomharthaíocht a úsáid mar bhunús do shlí oidhreachta.

2.0 Cén fáth a gcruthófaí Slí Oidhreachta?

Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag gach slí oidhreachta conair a chruthú a bhfuil tóir fhadtéarmach aici, atá báúil don timpeallacht ina ndéantar é a fhorbairt agus a bhfuil tacaíocht iomlán aige ó gach úinéir talún agus ón bpobal. Ba cheart go n-áireofaí an costas a bhaineann le forbairt na slí agus a cothabháil leanúnach i gcoinne líon féideartha na n-úsáideoirí. Cad iad do chuspóirí agus cén cineál slí oidhreachta ab fhearr chun na cuspóirí sin a bhaint amach? An bhfuil sé ar intinn agat turasóireacht a mhealladh? Eolas a sholáthar? Nó b'fhéidir gur tionscadal pobalbhunaithe é? An bhfuil tú rannpháirteach i dtionscadal téamach nó réigiúnach? Féadfar tairiscint turasóireachta níos cuimsithí a chur ar fáil de bharr oibriú ar scála níos mó le go leor grúpaí ar fud réigiún den chontae.



2.1 Cineálacha Shlí Oidhreachta

An bhfuil an modh seachadta tarraingteach? Cuimhnigh nach gá go mbeadh slí oidhreachta bunaithe ar phainéal. Is féidir leo a bheith ina meascán d'eilimintí seasta cosúil le marcóirí bealaigh a bhfuil eilimint dhigiteach nó rianta fuaimne nó digiteacha acu nach bhfuil mórán tionchair fhisiciúil acu ach a d'fhéadfadh teacht ar lucht féachana níos mó.

Is féidir le slite oidhreachta féin-threoraithe raon nó teaghlaim meán a úsáid:

Painéil - Tá painéil ar fáil go héasca agus is féidir iad a chur ar an láithreán. Mar sin féin, de ghnáth ní léann cuairteoirí níos spreagtha ach painéil agus is féidir leo a bheith treallúsach ó thaobh amhairc de agus bearradh a dhéanamh ar shuíomh.

Bileoga - Tá bileoga faisnéise oideachasúil, ina bhfaightear léarscáileanna agus íomhánna; d'fhéadfaidís faisnéis úsáideach a sholáthar ar féidir í a thógáil ar shuíl, agus toisc go bhfuil siad iniompartha spreagtar taiscéalaíocht. D'fhéadfaí a bheith deacair iad a stóráil agus a dháileadh.

Conairí fuaimne & Podchraoltaí - Féadfaidh cuairteoirí conairí fuaimne & Podchraoltaí a úsáid nuair a roghnaíonn siad. Le maisíochtaí fuaimne agus guthanna, féadfar atmaisféar agus taithí a chruthú. Tá gá le conairí fuaimne d'fhóin phóca a chur chun cinn go forleathan nó d'fhéadfaidh nach dtabharfaí faoi deara iad.

Aipeanna - Is féidir cuairteoirí feidhmchláir a úsáid nuair a roghnaíonn siad, is féidir iad a nascadh le GPS agus iad a bheith neamhthoirtéiseach ó thaobh amhairc de. Mar sin féin, níl fón cliste ag gach cuairteoir nó b'fhéidir nár mhaith leo fón cliste a úsáid agus is féidir le hAipeanna go leor aistriú sonraí a úsáid.

Físeáin - Is féidir le grúpaí oidhreachta físeáin a choimisiúnú nó a dhéanamh faoi shuíomhanna oidhreachta áitiúla agus iad a uaslódáil ar YouTube. Is féidir le cóid QR ar bhileoga nó ar phainéil léirmhíniúcháin úsáideoirí fón cliste a nascadh go díreach leis na físeáin.

Dealbhóireacht - Is féidir le saothair ealaíne amuigh faoin aer cabhrú le daoine ceangal le tírdhreach agus stair an láithreáin, rud a chuireann le taithí an chuirteora. Is suibhachtúil é meas ar dheilbh agus d'fhéadfaidh sé a bheith costasach a choimisiúnú.



2.2 Slí Oidhreachta a Phleanáil

Cé hé do lucht féachana?

Smaoinigh go cúramach ar an lucht féachana atá tú ag iarraidh a fhostú mar socróidh sé seo dearadh agus ábhar do shlí oidhreachta. Más turasóirí iad do phríomhlucht éisteachta an ndearna tú machnamh ar an gcaoi a gcloisfidh siad faoi do shlí oidhreachta agus a nascaidh siad leis? An mbeidh ort aistriúcháin a chur ar fáil do theangacha coitianta cosúil leis an bhFraincis agus leis an nGearmáinis? Más pobail nua é do lucht féachana ar smaoinigh tú an mbeadh turais threoraithe nó cainteanna ó bhaill na sochaí oidhreachta áitiúla ina mbealach níos fearr chun cónaitheoirí nua a thabhairt isteach ina gceantar agus ina bpobal? Is gné thábhachtach de phleanáil shlí oidhreachta é dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara chun úsáideoirí agus a gcuid riachtanas a aithint.

Is infheistíocht shuntasach airgeadais agus bonneagair í slí oidhreachta. Tá leagan amach, inrochtaineacht, agus sláinte agus sábháilteacht ina ngnéithe tábhachtacha agus slí oidhreachta á mheas. Tá sé tábhachtach freisin dul i gcomhairle le do phobal agus le húsáideoirí ionchasacha faoi na rudaí ar mhaith leo, faoi na rudaí atá indéanta agus féachaint ar na slite oidhreachta a forbraíodh cheana féin i bhFine Gall chun measúnú a dhéanamh ar an méid ar éirigh go maith leo agus na deacrachtaí a bhí ann. Smaoinigh ar an gcaoi a suíonn an slí atá beartaithe agat go straitéiseach le forbairtí slite eile, taitneamhachtaí gaolmhara eile, seirbhísí páirceanna, gnó srl., sa phobal áitiúil agus sa chontae.

Agus slí nua oidhreachta á phleanáil agat, ní mór duit pictiúr soiléir díobh seo a leanas a fhorbairt;

- gach gné dearfach agus diúltach ar an mbealach
- suíomhanna oidhreachta agus gnéithe tábhachtacha eile ar an mbealach
- bonneagar bóithre nó cosán atá ann cheana
- pointí rochtana, limistéir charrchlóis, srl
- gnáthóga éagsúla laistigh den limistéar agus aon limistéir nó ainmniú cosanta
- topagrafaíocht, coinníollacha talún agus tréithe tírdhreacha an láithreáin
- ceantair atá mí-oiriúnach m.sh. talamh fliuch, guaiseach srl
- aon cheisteanna sábháilteachta ar an láithreán a d'fhéadfaidh dul i bhfeidhm ar fhorbairt na slite
- gach gníomhaíocht atá ann cheana a dhéantar ar an mbealach m.sh. gníomhaíochtaí feirmeoireachta, leagan le haghaidh táirgeadh adhmaid srl.



Leagan Amach

An bhfuil bealach seasta ag do shlí oidhreachta le painéil nach mór a léamh in ord cosúil le slí lúbtha? Nó an bhfuil gach painéal neamhspleách? Más bealach seasta é do chonair beidh daoine ag iarraidh a fháil amach cá fhad atá an slí agus cá fhad a thógfaidh sé orthu a chríochnú agus tú ag siúl, ag rothaíocht nó ag tiomáint. D'fhéadfadh faisnéis úsáideach eile a bheith san áireamh ar nós cén cineál tír-raon nó grádáin atá i gceist atá thar a bheith tábhachtach dóibh siúd a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta acu nó atá ag brú bugaithe.

An mbeidh tús agus deireadh seasta ag do shlí oidhreachta? Féadann sé seo struchtúr a thabhairt don scéal - tús agus deireadh. Ba chóir go dtosódh agus go gcríochnódh na slí in áit oiriúnach - carrchlós, rochtain ar iompar poiblí. Ba cheart go mbeadh na treoracha soiléir toisc go dteastaíonn suaimhneas ó úsáideoirí, go bhfuil siad ag leanúint bealach sábháilte iontaofa. Ní léitheoirí léarscáileanna muiníneacha iad a lán daoine agus d'fhéadfadh go mbeadh meascán d'fhocail, léarscáileanna, marcóirí ar an talamh nó marcáil fhíorúil ag teastáil uathu. Mar an gcéanna, ní chuimhin le daoine léarscáil nó treoracha scríofa ó phainéal iontrála agus mar sin smaoinigh ar threoracha iniompartha nó cláir léarscáileanna ar an tslí a chur san áireamh.

Rochtain

An féidir le húsáideoirí a bheith gar go leor do phainéal léirmhíniúcháin (agus don ghné atá á léirmhíniú) ionas go mbeidh siad in ann é a léamh, ag soláthar rochtana ionas gur féidir le gach úsáideoir, ní amháin iad siúd atá ag siúl, é a shroicheadh? An gá duit áiseanna amhairc nó éisteachta a sholáthar ionas gur féidir le cuairteoirí a bhfuil riachtanais chéadfacha acu rochtain a fháil ar an léirmhíniú? An bhfuil an chomharthaíocht ar airde oiriúnach le haghaidh rochtana ag gach úsáideoir? Seachain áiteanna ar dóigh dóibh a bheith a bheith deacair a fheiceáil mar gheall ar fhásra nó gluaisteáin agus déan cinnte go bhféadtar an téacs ar an gcomhartha a léamh i bhfad uaidh.

Sláinte & Sábháilteacht

Guaiseacha agus constaicí a aithint, lena n-áirítear grádáin agus dromchlaí cosáin a d'fhéadfadh a bheith sleamhain nó fliuch. An féidir do shócmhainní oidhreachta a a shroicheadh ar bhealach sábháilte ar chosán? An bhfuil pointí sábháilte trasnaithe bóthair ann? Níor cheart go dtrasnódh bealach conaire oidhreachta ceantair a d'fhéadfadh úsáideoirí conairí a chur i mbaol. Tá sé ríthábhachtach nach gcuirfidh suíomh na gcomharthaí ceist líne radhairc a mbeadh tionchar diúltach aici ar ghluaiseachtaí tráchta coisithe agus feithiclí. Caithfidh na láithreacha deireanacha comhaontú agus ceadú an innealtóra ceantair a chomhlíonadh.

Eolas áitiúil

Is fearr a bhíonn aithne ag daoine áitiúla ar a gceantar féin agus is foinse úsáideach faisnéise iad, mar shampla nuair a bhíonn comharthaí ag teastáil, na ceantair ina dtarlaíonn loitiméireacht agus suíomh na nguaiseacha. Trí chomhairliúchán ligtear do dhaoine úinéireacht a ghlacadh ar an bpróiseas sínithe agus féadann sé cabhrú le coinbhleachtaí leasa a sheachaint, chomh maith le luach a chur leis an tionscadal

Cothabháil

An bhfuil plean (agus maoiniú) ann chun an comhartha a sheiceáil go rialta le haghaidh graifítí nó damáiste eile? Ar breithníodh sceideal athsholáthair? De ghnáth is gá comharthaíocht lasmuigh a athsholáthar idir gach cúig agus deich mbliana.



2.3 Ábhar

D'fhéadfadh sé bheith deacair an t-eolas uile a bhailigh tú a chur i láthair do lucht féachana i 100 focal. Más féidir, ba cheart smaoinemh ar chód QR a nascann do chomharthaíocht le suíomh gréasáin ina bhfuil tuilleadh faisnéise nó pdf de do shlí oidhreachta. Tá sé de bhuntáiste aige seo ligean do lucht féachana leanúint leis an spéis a ghin tú le do chomharthaíocht léirmhínithe. Mar sin féin, beidh ort ábhar an láithreáin ghréasáin a choimeád.

Leideanna don Ábhar

Rannpháirtíocht: Déanfaidh a lán daoine cinneadh i soicindí cibé an léifidh siad do chomhartha nó nach léifidh. Coinnigh gonta é. Ní mhaireann an mheántréimhse airde ach ar feadh 30 go 45 soicind. Bí cinnte go bhfuil do Príomhphointe curtha in iúl agat san am seo.

Teachtaireacht: Cad ba mhaith leat go mbeadh na daoine ag smaoinemh faoi nuair a fhágann siad an suíomh? Cad a fheiceann daoine? An bhfuil gnéithe fisiciúla ann - radhairc, dumhaí, doirse, eilimintí nádúrtha spéise? Cé a chruthaigh an suíomh? Cén fáth agus cathain? Cad a rinne siad anseo? Daoine aonair a bhfuil baint acu leis an áit?

Léaráidí: Féadtar 3 íomhá ar a mhéad a bheith san áireamh i gcomharthaíocht Fhine Gall. Le haghaidh atáirgeadh cáilíochta caithfidh na híomhánna seo a bheith 300dpi ar a laghad. Caithfidh tú cóipcheart / cead a fháil chun íomhánna a úsáid. Déan aon léaráidí a lipéadú agus a anótáil go soiléir.

Teanga: Seachain sain-theanga, béarlagair agus téarmaí teicniúla. Bain úsáid as briathra gníomhacha seachas briathra éighníomhacha m.sh. "bímid ag tabhairt aire..." seachas "tugtar aire don láithreán ag...". Bain úsáid as abairtí gearra poncúla agus scríobh i stíl chomhrá bríomhar.

Ní mór don chomharthaíocht a bheith dátheangach (Gaeilge & Béarla). Déanfaidh an tOifigeach Gaeilge athbhreithniú chun a chinntiú go bhfuil stíl na Gaeilge comhsheasmhach ar gach comharthaíocht.

Ní mór do Chomhairle Contae Fhine Gall an t-ábhar comharthaíochta go léir a cheadú.





3.0 Nós imeachta chun togra a dhéanamh maidir le Comharthaíocht/Slí Oidhreachta

Sa chás go dtionscnaíonn ball den phobal nó grúpa togra dó, ba cheart cloí leis an méid seo a leanas. Teastaíonn plé tosaigh ar mholtaí imlíne leis an Oifigeach Oidhreachta. Ba chóir tograí a sheoladh chuig Heritage.Officer@fingal.ie nó a sheoladh sa phost chuig an Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae Fhine Gall, Halla an Chontae, an Phríomhshráid, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath, K67 X8Y2

Togra

Caithfidh tograí maidir le comharthaíocht / slí oidhreachta a bheith san áireamh

- An réasúnaíocht leis an gcomharthaíocht / slí oidhreachta. Go hidéalach, léiriú bunaithe ar fhianaise ar riachtanas i bhfoirm plean iniúchta oidhreachta agus/nó léirmhíniúcháin.
- Ní mór léarscáil marcáilte agus grianghraif de na láithreacha atá beartaithe a chur isteach. Ba cheart go gmbreithneofaí anseo gaireacht séadchomharthaí seandálaíochta, struchtúir chosanta agus ACanna, inrochtaineacht agus sláinte agus sábháilteacht lena chinntiú go bhfuil comharthaí suite in áiteanna oiriúnacha agus nach mbíonn tionchar amhairc nó fisiceach acu ar láithreáin, séadchomharthaí, radhairc srl.
- Caithfear fianaise ar thoiliú ó úinéirí talún (lena n-áirítear Comhairle Contae Fhine Gall más ábhartha) a sholáthar i scríbhinn tráth an iarratais.
- Tabharfar tograí chuig grúpa stiúrtha comharthaíochta oidhreachta ar a mbeidh páirtithe leasmhara ábhartha CCFG a thabharfaidh comhairle ar indéantacht / oiriúnacht an togra. Beidh gá go rachaidh pearsanra Oibríochtaí ar siúlóid tríd an mbealach / scrúdú a dhéanamh ar láithreacha beartaithe lena chinntiú go bhfuil sé sábháilte, inrochtana, oiriúnach srl. Caithfidh na láithreacha deireanacha comhaontú agus formheas an innealtóra ceantair a chomhlíonadh.

Maoiniú

Tabhair faoi deara go cosnaíonn comhartha amháin idir 2,500-3000 euro. Is gnách go n-íocfaidh na moltóirí na costais a bhaineann le comharthaíocht / slí oidhreachta a fhorbairt. Mar sin beidh ar mholtóirí a thaispeáint ina n-iarratas conas a bhaileofar maoiniú don togra.

Suiteáil

Nuair a bheidh suíomhanna iomchuí le haghaidh comharthaíochta oidhreachta comhaontaithe, suiteálfadh Roinn Oibríochtaí Chomhairle Contae Fhine Gall an chomharthaíocht ar thailte faoi úinéireacht Fhine Gall, faoi réir buiséid / plean oibre. Caithfear an sceideal suiteála a bheith comhaontaithe faoi mhí Mheán Fómhair sa bhliain sula suiteálfar é.



Cothabháil

Ba cheart go gcuimseodh na moltóirí sonraí maidir le cothabháil leanúnach.

Spriocam

Le taithí, taispeántar gur féidir leis an bpróiseas comharthaíochta oidhreachta suas le dhá bhliain a thógáil ón gcoincheap go dtí an suiteáil. Ba cheart é seo a choinneáil i gcuimhne agus do thionscadal á phleanáil.

“Through interpretation, understanding; through understanding, appreciation; through appreciation, protection.” — Freeman Tilden

(“Le léirmhíniú, tagann tuiscint; le tuiscint, tagann meas; le meas, tagann cosaint.”) — Freeman Tilden





Aguisín 1

Mar is féidir a fheiceáil ón méid thuasluaite, tá an cháipéisíocht treorach seo sainiúil do chomharthaíocht oidhreachta agus do shlite oidhreachta. Tá treoir maidir le cineálacha eile comharthaíochta ar fáil;

Cuimhneacháin Chomórtha - tá plaiceanna, séadchomharthaí, deilbh a mheastar iad mar imeachtaí nó daoine suntasacha a dhéantar a chomóradh faoi réir an *Bheartais Cuimhneacháin Ainmnithe & Chomórtha* <https://www.fingal.ie/sites/default/files/2019-04/Final%20Naming%20and%20Commemorative%20Memorial%20Policy.pdf>

Tá **Saothar Ealaíne Poiblí** faoi réir próiseas ar leithligh lena choimisiúnú agus lena cheadú trí Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Fhine Gall. Féach <http://fingalarts.ie/public-art/>.

Leagtar amach sa Straitéis Spáis Oscailte 'Keeping it Green' an beartas maidir le tiomantas Cuimhneacháin **Binsí agus Crain**.

Tá faisnéis maidir le comharthaíochta treorach agus fearann poiblí ar fáil freisin:



NRA 2011 *Beartas ar Thurasóireacht & Fóilíocht*

Lámhleabhar Comharthaí Tráchtá na Roinne Iompair (nuashonraithe 2019).
[2838d2cb74114383b0a5e4f42561ae89.pdf](https://www.fingal.ie/sites/default/files/2019-04/2838d2cb74114383b0a5e4f42561ae89.pdf)

**Comhairle Contae
Fhine Gall**
Fingal County
Council



D'fhormheas na Comhaltaí Tofa an Treoir seo ag cruinniú na Comhairle Contae a
tionóladh an 8 Márta 2021